# 9 Measúnú na n-infheistíochtaí i dtionscadail iarnróid

**9.1** De ghnáth, bíonn ardchostas agus ardriosca ag baint le tionscadail chaipitil phoiblí, ach bíonn an cumas iontu buntáistí agus seirbhísí socheacnamaíocha a chur ar fáil go fadtéarmach. Chun na príomhrioscaí tionscadal a bhainistiú — moill, róchaiteachas costais, mainneachtain maidir leis an méid a bhfuiltear ag súil leis a bhaint amach, iomarcaíocht neamhphleanáilte — agus chun a chinntiú go bhfuil na hinfheistíochtaí atá ar fáil dírithe go príomha ar thionscadail a sholáthraíonn an luach is airde — i.e. chun an cóimheas buntáistí-go-costais a uasmhéadú — forbraíodh próisis chasta mheasúnaithe agus chinnteoireachta do thionscadail chaipitil phoiblí. Bunphrionsabal den phróiseas sin is ea gealltanais luathaithe a sheachaint.

**9.2** Is éard atá i gceist leis an g*Cód Caiteachais Phoiblí* (an Cód) — a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (an Roinn Caiteachais Phoiblí) den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2013 – ná sraith rialacha agus nósanna imeachta, agus treoir atá deartha chun a chinntiú go bhfaightear luach ar airgead sa chaiteachas poiblí. Leis an gcód, cuirtear dualgais ar gach eagraíocht phoiblí maidir leis an gcaoi a gcaitheann siad airgead poiblí, agus cuirtear treoir ar fáil maidir le conas na dualgais sin a chomhlíonadh. Áirítear leis seo creat ina dtugtar aghaidh ar mheasúnú agus bainistíocht na dtionscadal caipitil, ina measc sin infheistíochtaí sa bhonneagar poiblí.

**9.3** Nuashonraíodh na próisis measúnaithe agus bainistithe caipitil sa Chód roinnt uaireanta ó 2013.

- Mí na Nollag 2019 — cuireadh le coincheap na 'saolré tionscadail' chun fírinní an tseachadta tionscadail a léiriú, ar gá gach togra infheistíochta dul trí shaolré thionscadail a bhfuil sé chéim ag baint léi, faoi réir formheasa.[1]
- Mí na Samhna 2021 — nuashonraíodh an *Cód Caiteachais Phoiblí* chun an riachtanas a chur leis go mbeadh próiseas seachtrach dearbhaithe ann do mhórthionscadail infheistíochta poiblí, ar bhain costas breis is €100 milliún leis.
- Mí an Mhárta 2023 — uasdátú idirlinne ar riachtanais an *Chóid Caiteachais Phoiblí*, lenar áiríodh, *inter alia*, tairseach mhéadaithe, ó €100 milliún go €200 milliún, do thionscadail a dteastaíonn cead ar leith an Rialtais uathu.[2]
- Mí na Nollag 2023 — *Treoirlínte Bonneagair* eisithe, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, ag teacht in ionad an *Chóid Caiteachais Phoiblí* do thionscadail chaipitil.Laghdaíonn na treoirlínte, *inter alia*, líon na gcéimeanna faofa tionscadail agus cuireann siad cuíchóiriú ar na riachtanais do mhórthionscadail.

**9.4** Fad is go bhfanann na príomhsmaointe agus rialuithe i bhfeidhm, athraíonn na *Treoirlínte Bonneagair* tairseacha mórthionscadal agus na próisis a bhaineann leo. Mar shampla, meastar anois gur mórthionscadail iad tograí a bhaineann costas measta breis is €200 milliún leo, agus braitheann siad ar na measúnuithe seo a leanas ag príomhphointí cinnidh tionscadail[3]

- ***próiseas seachtrach dearbhaithe*** ag céim measúnaithe straitéisigh agus réamhcháis gnó an tionscadail (geata faofa 1)
- ***athbhreithniú Ghrúpa Comhairleach na Mórthionscadal*** ag céim réamhcháis gnó an tionscadail (geata faofa 1)[4]

1 Is iad seo a leanas na sé chéim a shainíonn saolré tionscadail: measúnú straitéiseach, réamhchás gnó, cás deiridh gnó, cur i bhfeidhm, athbhreithniú, agus measúnú *ex-post*.

2 Leag an Roinn Caiteachais Phoiblí roinnt céimeanna amach le héifeacht láithreach, ag leasú an *Chóid Caiteachais Phoiblí,* go dtí go gcuirfear na *Treoirlínte Bonneagair* in áit an Chóid.

3 Athainmníodh an téarma 'geata cinnidh' a úsáideadh roimhe seo chuig 'geata faofa' sna *Treoirlínte Bonneagair.*

4 Bunaíodh Grúpa Comhairleach na Mórthionscadal i mí na Nollag 2021 chun bainistíocht tionscadail a neartú a thuilleadh agus chun cabhrú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí ina ról dearbhaithe tionscadail.

- ***machnamh an Rialtais*** ag céim réamhcháis gnó an tionscadail (geata faofa 1) agus ag céim cáis deiridh gnó an tionscadail (geata faofa 3)

## Fócas an scrúdaithe seo

**9.5** Tugadh faoin scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na riachtanas measúnaithe tionscadail caipitil sa *Chód Caiteachais Phoiblí* in earnáil an chórais iompair phoiblí. Rinneadh iniúchadh ar dhá thionscadal ilbhliantúla de scála éagsúil i dtaca leis seo: tionscadal iarnróid MetroLink agus tionscadal líne lastais Luimneach go Faing (Tionscadal Fainge). Chomh maith leis sin, mheas an t-iniúchadh tionchar na riachtanas athraithe don chaiteachas caipitil a thugtar isteach sna *Treoirlínte Bonneagair.*

**9.6** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar réimse cáipéisíochta maidir leis an dá thionscadal chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le riachtanais mheasúnaithe an Chóid Caiteachais Phoiblí. Chuir an fhoireann imscrúdaithe an fhoireann ón Roinn Iompair (an Roinn), ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus ó Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) faoi agallamh freisin.

## Róil agus freagrachtaí faoin gCód Caiteachais Phoiblí

**9.7** Leagtar amach róil agus freagrachtaí na bpríomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis na tionscadail infheistíochta poiblí sa *Chód Caiteachais Phoiblí* (féach Fíor 9.1).

**9.8** Bíonn cothabháil na gcreataí náisiúnta a bhfeidhmíonn na ranna laistigh díobh mar chuid de fhreagracht ***na Roinne Caiteachais Phoiblí*** chun maoirseacht a dhéanamh ar infheistíocht phoiblí éifeachtach agus éifeachtúil, chun a chinntiú go dtugtar míniú ceart ar an gcaiteachas poiblí agus go mbíonn luach ar airgead ann (mar shampla an *Cód Caiteachais Phoiblí*).[1] Faoi Chód 2019, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí faoi athbhreithnithe teicniúla ar thuairiscí measúnaithe straitéisigh agus cáis gnó do mhórthionscadail a bhfuil costas measta breis is €100 milliún ag baint leo, a chuir na húdaráis formheasa iomchuí isteach. Cuireadh athbhreithnithe neamhspleácha saineolaithe ina n-ionad i nuashonrú an Chóid i mí na Samhna 2021.

**9.9** Caithfidh an ***mháthair-roinn (nó roinn líne)*** do mhórinfheistíocht chaipitil a chinntiú go gcomhlíonann sí, agus na comhlachtaí faoina coimirce, an *Cód Caiteachais Phoiblí* go hiomlán.[2] D'fhéadfadh cur le chéile a nósanna imeachta féin a bhaineann go sonrach leis an earnáil a bheith i gceist leis seo, chun an infheistíocht phoiblí a thagann leis an gCód a mheas, a phleanáil agus a bhainistiú.

**9.10** Chun críche mheasúnú agus sheachadadh na hinfheistíochta poiblí ag leibhéal oibríochtúil, is iad an bheirt phríomhaisteoirí ná 'an t-údarás formheasa' agus 'an ghníomhaireacht urraíochta'.

- tá freagracht deiridh ar an ***údarás formheasa*** as an tionscadal
- tá príomhfhreagracht ar an ***ngníomhaireacht urraíochta*** as tionscadail infheistíochta poiblí a mheas, a phleanáil agus a bhainistiú laistigh de pharaiméadair an *Chóid Caiteachais Phoiblí*.[3,4]


1 Is d'fhreagracht gach Oifigigh Cuntasaíochta úsáid éifeachtach agus éifeachtúil an chaiteachais phoiblí laistigh den Vóta iomchuí a chinntiú.

2 Ceadaíonn an Cód roinnt comhréireachta i bhforfheidhmiú a riachtanas, de réir scála an togra atá á mheas.

3 D'fhéadfadh an ghníomhaireacht urraíochta a bheith ina roinn Rialtais, ina húdarás áitiúil, ina gníomhaireacht stáit, ina hinstitiúid ardoideachais, ina hinstitiúid chultúrtha nó ina comhlacht stáit eile.

4 Nuair atá Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ag tabhairt faoi thionscadal thar ceann roinn nó oifig Rialtais, is d'fhreagracht an údaráis formheasa ábhartha a shoiléiriú leis an OPW ag céim thosaigh cé hí an ghníomhaireacht urraíochta agus an fhreagracht do róil an tionscadail a leagan amach go soiléir.

**Fíor 9.1 Róil agus freagrachtaí tionscadal caipitil mar a shainmhínítear sa *Chód Caiteachais Phoiblí***




Foinse: *Cód Caiteachais Phoiblí: Treoir chun Infheistíocht Phoiblí a Mheas, a Phleanáil agus a Bhainistiú,* 2019. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.


Nóta: a Cuireadh athbhreithnithe neamhspleácha saineolaithe in ionad athbhreithnithe teicniúla ar an tuarascáil measúnachta straitéisí agus cásanna gnó na Roinne Caiteachais Phoiblí i nuashonrú an Chóid i mí na Samhna 2021.

### *Saolré thionscadail agus geataí cinnidh*

**9.11** Leagtar amach sa *Chód Caiteachais Phoiblí* roinnt céimeanna incriminteacha atá dírithe ar inmharthanacht airgeadais agus eacnamaíoch na dtionscadal a mheas, a chaithfear a dhéanamh sula bhfaomhtar gealltanais infheistíochta caipitil.

**9.12** Níor cheart go dtabharfaí faomhadh le bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile i bpróiseas shaolré an tionscadail go dtí go gcomhlíontar riachtanais chuí na céime (féach Fíor 9.2).

**Fíor 9.2 Saolré thionscadail[a, b]**




Foinse: *Cód Caiteachais Phoiblí: Treoir chun Infheistíocht Phoiblí a Mheas, a Phleanáil agus a Bhainistiú,* 2019. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a I gcás tionscadal a bhfuil costas caipitil measta níos lú ná €10 milliún acu, is féidir leis na húdaráis formheasa tús a chur leis an bpróiseas ag céim 2 (geata cinnidh 0) — féach Fíor 9.3 chun tuilleadh eolais a fháil.

b I gcás tionscadal a bhfuil costas measta €100 milliún ag baint leo, ní mór na réamhchásanna agus cásanna deiridh gnó, tuarascálacha athbhreithnithe agus críochnaithe tionscadail, agus an tuarascáil mheasúnaithe *ex-post* a fhoilsiú.

c Faoin gCód, tá freagracht deiridh ar an údarás formheasa as an tionscadal.

d Ní mór an achoimre mhionsonraithe ar an tionscadal agus an straitéis soláthair a chur faoi bhráid an údaráis formheasa ag geata cinnidh 2 le faomhadh chun bogadh ar aghaidh go dtí an tairiscint.

**9.13** Cinntíonn luach na hinfheistíochta molta cathain, i saolré an tionscadail, a chaithfidh an t-údarás formheasa an bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile a fhaomhadh (féach Fíor 9.3).

**Fíor 9.3 Tairseacha faofa faoi *Chód Caiteachais Phoiblí,* 2019**

| Tairseach faofa[a] | Údarás formheasa — príomhfhreagrachtaí faoin gCód[b] |
|---|---|
| **Níos lú ná €10 milliún** | Baineann na nithe seo a leanas leis an údarás formheasa<br>▪ Féadfaidh an t-údarás tús a chur leis an bpróiseas ag céim 2 (i.e. i ndiaidh gheata cinnidh 0) — ní theastaíonn tuarascáil measúnaithe straitéisigh, ach ba cheart don réamhchás gnó cás straitéiseach, réasúnaíocht agus cuspóirí an togra a thaifeadadh go soiléir<br>▪ ba cheart don údarás teagmháil a dhéanamh leis an ngníomhaireacht urraíochta maidir le cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn measúnú eacnamaíoch agus cineál an mheasúnaithe sin[c]<br>▪ ní chaithfear *measúnuithe ex-post* a dhéanamh ar gach tionscadal — is leor athbhreithniú ar shampla ionadaíoch de na tionscadail |
| **Idir €10 milliún agus €100 milliún** | Is féidir leis an údarás formheasa, gan dul i muinín na Roinne Caiteachais Phoiblí,<br>▪ tabhairt faoi athbhreithniú teicniúil ar an tuarascáil measúnaithe straitéisigh<br>▪ tabhairt faoin réamhchás gnó agus<br>▪ tabhairt faoin gcás deiridh gnó. |
| **Os cionn €100 milliún** | Is é an Rialtas an t-údarás formheasa, ach ní mór don chomhlacht poiblí ábhartha atá ag maoiniú an tionscadail tabhairt faoi na feidhmeanna laethúla (feidhmeanna an údaráis formheasa). Sa cháil sin, ba cheart don chomhlacht poiblí maoinithe<br>▪ an tuarascáil measúnaithe straitéisigh, an réamhchás gnó, agus an cás deiridh gnó a chur ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí lena n-athbhreithniú go teicniúil roimh an gcinneadh ábhartha[d]<br>▪ cead an Rialtais a lorg chun dul ar aghaidh, trí ‘mheabhrán le haghaidh cinnidh’ de chuid an Rialtais, ag na céimeanna seo a leanas<br>  • réamhchás gnó — geata cinnidh 1 (faomhadh i bprionsabal)<br>  • dearadh, pleanáil agus soláthar — geata cinnidh 2 (faomhadh chun dul ar aghaidh chuig tairiscint)<br>  • cás deiridh gnó — geata cinnidh 3 (faomhadh chun an conradh a bhronnadh)[e]<br>▪ ceanglaítear air a chinntiú gur ann do dhúshlán tionscadail agus sásra dearbhaithe ar leith.[f] |

Foinse: *Cód Caiteachais Phoiblí: Treoir chun Infheistíocht Phoiblí a Mheas, a Phleanáil agus a Bhainistiú,* 2019

Nótaí:

a Baineann na tairseacha airgeadais le meastacháin costais caipitil iomlána na dtionscadal lena n-áirítear na gnéithe go léir — costais talún, cáin bhreisluacha, táillí gairmiúla, etc.

b Ní liostaítear freagrachtaí uile an údaráis formheasa.

c Is ar an ngníomhaireacht urraíochta atá an phríomhfhreagracht tionscadail infheistíochta poiblí a mheas, a phleanáil agus a bhainistiú laistigh de pharaiméadair an Chóid agus na ceaduithe riachtanacha a fháil ón údarás formheasa ag gach pointe den phróiseas.

d Cuireadh athbhreithnithe neamhspleácha saineolaithe in ionad na n-athbhreithnithe teicniúla ar na cásanna gnó i nuashonrú an Chóid i mí na Samhna 2021.

e Tá sé de fhreagracht ar an máthair-roinn éascaíocht a dhéanamh maidir le faomhadh an Rialtais a lorg do chomhlachtaí atá faoina coimirce sa chás nach é an t-údarás formheasa é.

f Tugadh faoi deara sa Chód go dtabharfaí isteach dúshlán tionscadail agus sásra dearbhaithe ar leith mar chuid den athchóiriú leanúnach ar an gcóras bainistíochta infheistíochta poiblí.

## Tionscadal iarnróid MetroLink


**9.14** Tá córas meitreo do Bhaile Átha Cliath á moladh, i bhfoirmeacha éagsúla, thar thréimhse 20 bliain ar a laghad (féach Fíor 9.4). Mar sin féin, mar fhreagra ar an gcor chun donais eacnamaíoch idir 2008 agus 2010 agus ar shrianta fioscacha ina dhiaidh sin, cuireadh an tionscadal siar ar feadh tréimhse éiginnte i mí na Samhna 2011.

**9.15** I mí Mheán Fómhair 2015, fógraíodh go raibh tionscadal meitreo athbhreithnithe — Meitreo Thuaidh Nua— á sheoladh, le dáta oscailte réamh-mheasta in 2026/2027.[1] Tar éis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar roghanna, d'fhógair an NTA tograí athbhreithnithe don Mheitreo Thuaidh agus don Mheitreo Theas mar a bhí beartaithe roimhe seo i mí an Mhárta 2018 chun dul ar aghaidh mar thionscadal amháin ar a dtabharfaí MetroLink.[2]

**9.16** I mí Eanáir 2020, chuir an Roinn in iúl don Rialtas go mbunódh sí Grúpa Maoirseachta ar Rialachas Mórthionscadal (MPGOG) agus go gcinnteodh sí athbhreithniú neamhspleách ar chásanna gnó chun na socruithe rialachais do thionscadail a bhfuil costas measta os cionn €100 milliún ag baint leo a neartú, lena n-áirítear MetroLink.[3]

**9.17** Chuir an NTA (mar an t-údarás formheasa don tionscadal ó lá go lá) réamhchás gnó do MetroLink faoi bhráid na Roinne agus MPGOG i mí an Mhárta 2021. Chuir an NTA cás gnó nuashonraithe faoi bhráid na Roinne i mí na Samhna 2021. Cuireadh an cás gnó seo faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí i mí na Bealtaine 2022 lena athbhreithniú ag an nGrúpa Comhairleach um Mórthionscadail (MPAG). Rinne aonad teicniúil an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear JASPERS) athbhreithniú neamhspleách ar an gcás gnó freisin sa chomhthéacs féideartha go bhfaighfí maoiniú an Aontais don tionscadal.[4] Foilsíodh athbhreithnithe MPAG agus JASPERS araon ar shuíomh gréasáin an NTA.

**Fíor 9.4 Amlíne an chórais Meitreo, 2001 go 2022**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Mhol Staidéar coimisiúnaithe Iompair Fhine Gall/Bhaile Átha Cliath Thuaidh de chuid an NTA an tionscadal nua. Bhí na moltaí ón staidéar mar bhonn eolais ag *Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 – 2035* de chuid an NTA.

2 Níor áiríodh Meitreo Thiar i *Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 – 2035* de chuid an NTA.

3 Suíonn an MPGOG laistigh den Roinn agus tá sé de chúram air, *inter alia*, comhairle a chur ar an Aire Iompair maidir le mórthionscadail, go háirithe maidir le ceaduithe Aire agus Rialtais a theastaíonn ag na geataí cinnidh ábhartha faoin gCód.


4 Tugann an Comhchúnamh chun Tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa (JASPERS) comhairle maidir le straitéisí, cláir agus tionscadail le haghaidh infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó chistí deontais an Aontais Eorpaigh, agus é mar aidhm aige "fás a chur chun cinn agus an bealach a réiteach chuig Eoraip níos cliste, níos glaise agus níos nasctha".

**9.18** I mí Iúil 2022, thug an Rialtas faomhadh i bprionsabal don tionscadal chun dul ar aghaidh chuig céim na pleanála (i.e. geata faofa 1). Rinne BIÉ (mar an ghníomhaireacht urraíochta don tionscadal) iarratas ar chead pleanála i mí Mheán Fómhair 2022.[1] Níl cinneadh faighte go fóill. Is é an chéad chéim eile don tionscadal ná céim réamhthairisceana a mbeidh faomhadh ón Aire ag teastáil ina leith (i.e. geata faofa 2).

### *Struchtúr rialachais MetroLink*

**9.19** I bhfianaise scála, chastacht agus líon na gcomhlachtaí stáit a bhfuil baint acu le MetroLink, tá creat rialachais cláir curtha i bhfeidhm, atá deartha chun cinnteoireacht thráthúil a cheadú trí shreafaí faisnéise a chuíchóiriú agus údarás a leithdháileadh go cuí (féach Fíor 9.5).

**Fíor 9.5 Struchtúr rialachais MetroLink[a,b]**




Foinse: Bonneagar Iompair Éireann, Creat Rialachais MetroLink, Meán Fómhair 2020

Nótaí: a Sonraíonn an deighilt sna sreafaí faofa agus tuairiscithe an difríocht idir na caidrimh faofa arna sainordú ag *Cód Caiteachais Phoiblí* 2019 agus an struchtúr tuairiscithe ó lá go lá do na comhlachtaí stáit gaolmhara; agus na struchtúir a bhaineann go sonrach leis an gclár.

b Léiríonn an struchtúr rialachais riachtanais *Chód Caiteachais Phoiblí* 2019.

1 Is é Bonneagar Iompair Éireann an ghníomhaireacht urraíochta don tionscadal Metrolink. Bhain aighneacht d'iarratas ar ordú iarnróid leis an gcead pleanála a lorgaíodh.

### *Costas réamh-mheasta*

**9.20** Caitheadh €166 mhilliún san iomlán ar Mheitreo Thuaidh suas go dtí an pointe in 2011 ar cuireadh an tionscadal siar. Níl ach luach féideartha do MetroLink fós ag thart ar €6 mhilliún den chaiteachas sin, i gcás réadmhaoine a fuarthas mar chuid den tionscadal. Díscríobhadh an €160 milliún eile mar 'chostais bháite'. Díscríobhadh caiteachas €18.7 milliún ar Mheitreo Thiar, mar aon le caiteachas €46 mhilliún (den €48.6 milliún a tabhaíodh) ar thionscadal bunaidh gaolmhar Idirnascaire DART freisin. Is ionann an díscríobh iomlán ar na trí thionscadal ghaolmhara agus thart ar €225 mhilliún de mhaoiniú ón Státchiste.


**9.21** Áiríodh sa réamhchás gnó do MetroLink, a ceadaíodh i mí Iúil 2022, meastachán costais tosaigh idir €7.2 billiún agus €12.3 billiún (gan CBL i bpraghsanna 2021 a áireamh).[1] Tá caiteachas thart ar €181 mhilliún tabhaithe ar MetroLink suas go dtí deireadh mhí Iúil 2024.

**9.22** Tá sé ráite ag an Roinn go gcuirfear raon costais nuashonraithe ar fáil ag geata faofa 2 (faomhadh ón Aire le dul ar aghaidh chuig tairiscint), rud a léireoidh boilsciú a tharla le déanaí sa tionscal tógála. Shonraigh sí nach mbeidh meastachán costais níos cinntithí ar eolas ach amháin tar éis chéim an tsoláthair, agus go dtabharfar buiséad iomlán agus togra sprioc-chostais chuig an Rialtas ansin lena mbreithniú (geata faofa 3 de na *Treoirlínte Bonneagair*).

## Tionscadal Líne Lastais ó Luimneach go Faing

**9.23** Moladh tabhairt ar ais na líne iarnróid aon líne as úsáid Luimnigh go Faing sa *Phlean Forbartha Náisiúnta/Tionscadal Éireann 2040* mar chuid den infheistíocht atá beartaithe chun acmhainn a leathnú ag port Fhaing na Sionainne (féach Fíor 9.6).[2]

**Fíor 9.6 Tionscadal Líne Lastais ó Luimneach go Faing**




Foinse: Iarnród Éireann

1 Sonraíodh meastacháin fhéideartha ar chostas an raoin uachtair de €23.4 billiún in athbhreithniú an Ghrúpa Chomhairligh um Mórthionscadail.

2 Teastaíonn tabhairt ar ais na líne iarnróid chun stádas Leibhéal 1 ag Port Fhainge a choinneáil ar an ngréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) de chuid an Aontais Eorpaigh, agus ionas go gcomhlíonfaidh Éire a hoibleagáidí TEN-T maidir le nascacht iarnróid a bheith aici lena trí phort Leibhéal 1 go léir faoi 2030.

**9.24** Is é Iarnród Éireann urraitheoir an tionscadail do thionscadal nasc iarnróid Fhainge, atá freagrach as an tionscadal a sheachadadh. I dtús báire, ba í an Roinn Iompair, mar phríomh-mhaoinitheoir, an t-údarás formheasa don tionscadal. I mí Aibreáin 2023, ceapadh an NTA mar an t-údarás formheasa.

**9.25** Eagraíodh tionscadal Fhainge in dhá chéim thógála.

- Is éard atá i gceist le ***Céim 1 - rian agus innealtóireacht shibhialta***, *inter alia*, fásra a ghlanadh agus an rian atá ann cheana a bhaint; an t-eagar ráille a athsholáthar agus leaba ballasta nua a shuiteáil de réir chaighdeáin reatha Iarnród Éireann; droichid agus lintéir a athshlánú agus/nó a athnuachan; trasnáin choincréite nua iarnróid a shuiteáil; agus bonneagar a shuiteáil chun freastal ar an gcéad chéim eile den tionscadal.
- Is éard atá i gceist le ***Céim 2 - ullmhacht oibríochtúil*** an líne a chur ag feidhmiú, lena n-áirítear comharthaíocht, raidió traenach, trasrianta ar leibhéal an bhóthair, agus naisc leis an ngréasán iarnróid náisiúnta.

### *Faomhadh chéim 1*

**9.26** Bhí costas réamh-mheasta tosaigh €42 mhilliún ar thionscadal Fhainge, faoi réir tairisceana, d'oibreacha athshlánúcháin chéim 1. Chuir Iarnród Éireann tús le comórtas tairisceana d'oibreacha chéim 1 thart ar lár na bliana 2022, agus i mí Iúil 2022 mhol go gcuirfí tacaíocht airgeadais ar fáil d'oibreacha chéim 1 ón gclár caiteachais iompair talún (Clár B) de Vóta 31 - Iompar.

**9.27** Leag an Roinn amach in aighneacht chuig an Aire i mí Mheán Fómhair 2022 nach raibh meastacháin chinntitheacha faighte aici ó Iarnród Éireann maidir leis an gcostas iomlán a bhaineann leis an líne lastais ó Fhaing a athoscailt, ach gur moladh i meastachán stuama ag an am sin costas iomlán idir €150 milliún agus €200 milliún, agus b'fhéidir beagán níos mó i bhfianaise an bhoilscithe (tráth na tréimhse sin). Mar sin féin, d'aontaigh an Roinn, faoi réir fhaomhadh an Aire, go bhféadfaí cistí a eisiúint chuig Iarnród Éireann ar bhonn eisceachtúil mar go raibh na hoibreacha beartaithe ag teacht leis an gcineál oibreacha cosanta agus athnuachana ar línte iarnróid atá ann cheana a mhaoinítear de ghnáth faoin gclár 'Conradh Ilbhliantúil Bainisteoirí Bonneagair'.[1]

**9.28** I nóta eile a tugadh don Aire i mí Dheireadh Fómhair 2022, léirigh an Roinn ábhar imní tromchúiseach faoin bpróiseas a bhí mar bhonn agus taca ag tionscadal Fhainge, ag tabhairt dá haire gur chosúil gur éirigh an tionscadal ina thionscadal caiteachais chaipitil ilbhliantúil suntasach a bhí le seachadadh i gcaitheamh trí bliana, agus gan teacht ar chostas foriomlán an tionscadail. Bhí tuairimí na Roinne bunaithe ar chostais tionscadail athbhreithnithe a chuir Iarnród Éireann isteach maidir le céim 1, a bhí méadaithe go €104 mhilliún tar éis tairiscintí a fháil (i.e. thart ar 2.5 uair níos mó ná an meastachán roimhe seo). Thug an Roinn le fios nach raibh an tionscadal faoi réir aon mheasúnú mionsonraithe.

**9.29** D'eisigh an Roinn maoiniú caipitil €64 mhilliún ó Vóta 31 go hIarnród Éireann do chéim 1 de thionscadal Fhainge ar an 6 Nollaig 2022. Ar an 14 Nollaig 2022, rinne Iarnród Éireann conradh chun oibreacha chéim 1 a sheachadadh, le clár oibre dhá bhliain (100 seachtaine).

1 Tá maoiniú caipitil ó Vóta 31 - Iompar go hIarnród Éireann á rialú ag conradh cúig bliana — Conradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair (IMMAC) — idir an tAire agus Iarnród Éireann. Sannann an IMMAC freagracht d'Iarnród Éireann as cothabháil agus athnuachan an ghréasáin iarnróid atá ann cheana. I mí na Samhna 2019, d'fhaomh an Rialtas IMMAC de réir na ngealltanas maoinithe atá leagtha amach i *dTionscadal Éireann 2040.*

### *Faomhadh chéim 2*

**9.30** Nuair a cheap an Roinn an NTA mar an t-údarás formheasa laethúil do thionscadal Fhainge (i mí Aibreáin 2023), ghlac sí freagracht as an tionscadal foriomlán, lena n-áirítear breithniú ar infheistíocht chéim 2.

**9.31** Mar a d'aithin an Roinn, le linn phleanáil tosaigh an tionscadail in 2022, níor forbraíodh tuarascáil measúnaithe straitéisigh ná réamhchás gnó. Níl sé seo ag cloí le riachtanais an *Chóid Caiteachais Phoiblí* do thionscadail den sórt sin.

**9.32** Cuireadh cás gnó deiridh ar fáil don tionscadal, a d'ullmhaigh Iarnród Éireann, i mí na Samhna 2023. Ag an gcéim sin, bhí tús curtha cheana féin le hoibreacha athshlánúcháin ráille chéim 1 an tionscadail agus bhí siad leath bealaigh tríd an tréimhse thógála a bhí beartaithe.

**9.33** Áiríodh leis na réamh-mheastacháin airgeadais a leagadh amach sa chás gnó costais an dá chéim den tionscadal. Is é costas caipitil iomlán réamh-mheasta thionscadal Fhainge mar atá leagtha amach sa chás gnó ná thart ar €152 mhilliún.[1]

**9.34** Baineann na buntáistí réamh-mheasta atá le seachadadh ag an tionscadal go príomha le feabhas a chur ar rochtain úsáideoirí gnó agus lastais ar Phort Fhainge, agus tairbhí pobail níos leithne ó shreafaí lastais iompair talún laghdaithe.

**9.35** Ar an 15 Nollaig 2023, bunaithe ar an gcás gnó, d'fhaomh Bord NTA tionscadal Fhainge go sealadach lena mhaoiniú. Mar sin féin, an tuarascáil mhionsonraithe dearaidh a cuireadh isteach don tionscadal — a éilítear faoi threoirlínte inmheánacha an NTA maidir le formheasanna measúnaithe tionscadail — measadh nach raibh sí sásúil. Comhlíonadh an ceanglas dearaidh maidir le faomhadh tionscadail i mí Iúil 2024, nuair a chuir Iarnród Éireann aguisín isteach leis an tuarascáil dearaidh bhunaidh. D'eisigh an NTA a fhaomhadh foirmiúil do thionscadal Fhainge, rud a cheadaigh tús a chur le céim 2 den tionscadal, chuig Iarnród Éireann i mí Iúil 2024.

**9.36** Tá oibreacha chéim 2 á ndéanamh trí shocruithe conraitheoireachta reatha Iarnród Éireann seachas aon chonradh nua um oibreacha aonair. Is é an dáta críochnaithe atá beartaithe do thionscadal iomlán Fhainge ná Nollaig 2025.

**9.37** Tá costais bhuiséadaithe chéim 1 thart ar €105 mhilliún á maoiniú ag an Roinn ó Vóta 31, agus cuirfidh an NTA maoiniú ar fáil chun céim 2 a sheachadadh. Faoi dheireadh mhí Iúil 2024, bhí caiteachas iomlán €78 milliún tabhaithe ag an tionscadal, agus bhain €74.5 milliún de sin le caiteachas chéim 1.

**9.38** Tá sé ráite ag an Roinn, ar mhaithe le trédhearcacht, gur chuir an tAire an Rialtas ar an eolas faoi chinneadh an NTA maidir leis an gcás gnó deiridh don tionscadal go luath i mí Iúil 2024.

**9.39** Ceanglaítear ar an NTA an Roinn a chur ar an eolas más léir, ag céim ar bith, gur dócha go sáróidh costas thionscadal Fhainge €170 milliún, ar an mbonn go mbeadh sé seo sách gar don tairseach €200 milliún do stádas mórthionscadail.

1 Tá sé glactha ag Iarnród Éireann go mbeidh gach CBL a thabhaítear ar an tionscadal inghnóthaithe agus, dá bhrí sin, ní cuid de chostas an tionscadail é.

## Comhlíontacht an mheasúnaithe tionscadail

**9.40** Tugtar achoimre i Fíor 9.7 ar mheasúnú na foirne imscrúdaithe ar an bpróiseas measúnaithe tionscadail do thionscadail MetroLink agus Fhainge chun ceanglais an *Chóid Caiteachais Phoiblí* a chomhlíonadh. Rinneadh an measúnú de réir riachtanais ábhartha an Chóid a bhí i bhfeidhm ag gach céim de shaolré an tionscadail.

**Fíor 9.7 Comhlíontacht an phróisis measúnaithe tionscadail**

| Céim an tionscadail | MetroLink | Faing |
|---|---|---|
| ***Céim 1 Measúnú straitéiseach*** | | |
| Tuarascáil measúnaithe straitéisigh | Comhlíontach [a] | Neamh-chomhlíontach |
| Athbhreithniú ar an tuarascáil measúnaithe straitéisigh | Comhlíontach [a] | Neamh-chomhlíontach |
| Geata cinnidh 0 — Formheas chun réamhchás gnó a fhorbairt | Comhlíontach | Neamh-chomhlíontach |
| ***Céim 2 Réamhchás gnó (le foilsiú)*** | | |
| Réamhchás gnó | Comhlíontach | Neamh-chomhlíontach |
| Athbhreithniú ag grúpa seachtrach | Comhlíontach | Neamh-chomhlíontach |
| Tuairisc athbhreithnithe ar an gcás gnó | Comhlíontach | Neamh-chomhlíontach |
| Geata cinnidh 1 - Faomhadh i bprionsabal | Comhlíontach | Neamh-chomhlíontach |
| ***Céim 3 Cás gnó deiridh (le foilsiú)*** | | |
| Achoimre mhionsonraithe ar an tionscadal agus straitéis soláthair a chur le chéile | N/B[b] | Comhlíontach go páirteach |
| Geata cinnidh 2 — Formheas réamhthairisceana | N/B[b] | Neamh-chomhlíontach |
| Cás deiridh gnó nuashonraithe | N/B[b] | Comhlíontach go páirteach [c] |
| Tuairisc athbhreithnithe ar an gcás deiridh gnó | N/B[b] | Comhlíontach go páirteach |
| Geata cinnidh 3 — Formheas chun dul ar aghaidh | N/B[b] | Comhlíontach go páirteach |
| ***Céim 4 Cur i bhFeidhm (tógáil)*** | | |
| Conradh a bhronnadh | N/B[b] | Comhlíontach go páirteach |
| Tuairiscí monatóireachta rialta | N/B[b] | Comhlíontach go páirteach |
| Tionscadal a chríochnú | N/B[b] | N/B[b] |
| ***Céim 5 Athbhreithniú agus tuarascáil ar chríochnú an tionscadail (le foilsiú)*** | N/B[b] | N/B[b] |
| ***Céim 5 Meastóireacht ex post agus tuarascáil (le foilsiú)*** | N/B[b] | N/B[b] |

Comhlíontach   Comhlíontach go páirteach   Neamh-chomhlíontach

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Plean measúnaithe tionscadail arna ullmhú ag BIÉ i mí na Bealtaine 2019 agus arna athbhreithniú ag an Roinn Iompair i mí an Mheithimh 2019 faoi *Chód Caiteachais Phoiblí* 2013.

b N/B mar nach bhfuil an tionscadal ag an gcéim seo ar fad i saolré an tionscadail.

c Cé gur ullmhaíodh cás gnó deiridh i mí na Samhna 2023, ba cheart gur ullmhaíodh agus gur foilsíodh é roimh thús an tionscadail iomláin.

**9.41** Léiríonn tionscadal MetroLink comhlíonadh an *Chóid Caiteachais Phoiblí.* Tugtar na nithe seo a leanas faoi deara:

- tá an struchtúr rialachais don tionscadal ag teacht le riachtanais an Chóid agus leagtar amach go soiléir sa chreat foriomlán um struchtúr rialachais na róil agus na freagrachtaí don tionscadal MetroLink
- rinne MPGOG na Roinne, agus MPAG na Roinne Caiteachais Phoiblí agus JASPERS athbhreithniú ar réamhchás gnó an tionscadail
- foilsíodh an réamhchás gnó agus na hathbhreithnithe JASPERS agus MPAG ar shuíomh gréasáin an NTA
- d'éascaigh agus fuair an Roinn Iompair faomhadh riachtanach an Rialtais ag geata cinnidh 1.

**9.42** I gcomparáid leis sin, shainaithin measúnú na foirne imscrúdaithe ardleibhéal neamhchomhlíontachta leis an gCód do Thionscadal Fhainge.

- Níor cuireadh an bunstruchtúr rialachais ar bun de réir cheanglais an Chóid. Ghníomhaigh an Roinn mar údarás formheasa go dtí gur ceapadh an NTA sa ról i mí Aibreáin 2023. Chomh maith leis sin, ní raibh aon mhaoirseacht ag MPGOG na Roinne ar an tionscadal.
- Ba é an chéad phríomhdhoiciméad measúnaithe don tionscadal an cás gnó deiridh, nár ullmhaíodh ach amháin tar éis don NTA glacadh le ról an údaráis formheasa. Níor ullmhaíodh tuarascáil measúnaithe straitéisigh ná réamhchás gnó don tionscadal, agus níor cuireadh na hathbhreithnithe riachtanacha ag saineolaithe neamhspleácha i gcrích. Níor lorgaíodh faomhadh an Rialtais i bprionsabal (geata cinnidh 1) nó roimh thairiscint (geata cinnidh 2) do thionscadal a bhfuiltear ag súil go gcosnóidh sé os cionn €100 milliún.
- Ní raibh an cás gnó deiridh ullmhaithe agus/nó foilsithe tráth a thosaigh an tionscadal. Mar gheall ar ullmhúchán moillithe an cháis gnó, níl gá lena fhoilsiú a thuilleadh faoi cheanglais an Chóid a bhí i bhfeidhm tráth a fhaofa.
- Leithdháileadh cistí don tionscadal in éagmais na bpríomhdhoiciméad a bhí ag teastáil ag an gcéim mheasúnaithe/phleanála.
- Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair do chéim 1 den tionscadal i mí Iúil 2022 gan aon soiléireacht ar chostas foriomlán an chláir, agus gan doiciméid mheasúnaithe mhionsonraithe.
- Cuireadh an chéad tuarascáil ar mhonatóireacht tionscadail i gcrích i mí na Samhna 2023, cé gur cuireadh tús leis an gcéim thógála i mí na Nollag 2022.

## Conclúidí

**9.43** Forbraíodh próisis chasta mheasúnaithe agus chinnteoireachta le himeacht ama chun rioscaí tionscadail a bhainistiú agus lena chinntiú go bhfuil na hinfheistíochtaí atá ar fáil dírithe go príomha ar thionscadail a sholáthraíonn an luach is airde. Leagtar amach sa *Chód Caiteachais Phoiblí* — a tugadh isteach den chéad uair in 2013 agus a leasaíodh roinnt uaireanta ó shin, suas go dtí gur tháinig na *Treoirlínte Bonneagair* ina áit in Eanáir 2024 — na rialacha agus na nósanna imeachta a leanfar chun iarracht a dhéanamh lena chinntiú go bhfaightear an luach is fearr is féidir ar airgead aon uair a chaitear airgead poiblí. Tá sé mar aidhm ag an struchtúr rialachais atá leagtha amach sa Chód maoirseacht agus rialú soiléir a chinntiú ar thionscadail le linn a saolré.

**9.44** San earnáil iompair, is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) a chomhlíonann an ról atá ag údarás formheasa do thionscadail iompair phoiblí, ar leibhéal tionscadail aonair. Is é Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) atá freagrach as seachadadh thionscadal MetroLink agus is é Iarnród Éireann atá mar ghníomhaireacht urraíochta ainmnithe atá freagrach as tionscadal Fhainge a sheachadadh.

### *Tionscadal iarnróid MetroLink*

**9.45** D'ainneoin an phróisis fhada a bhí ann chun teacht chuig an togra tionscadail reatha, léiríonn tionscadal MetroLink go bhfuil na ceanglais mheasúnaithe ábhartha maidir le hinfheistíocht chaipitil á gcomhlíonadh go dtí seo. D'ullmhaigh BIÉ réamhchás gnó MetroLink mar ghníomhaireacht urraíochta, a d'fhaomh an NTA mar údarás formheasa, agus a cuireadh faoi bhráid na Roinne i mí an Mhárta 2021. Críochnaíodh na hathbhreithnithe rannacha agus seachtracha riachtanacha ar na doiciméid. I mí Iúil 2022, thug an Rialtas faomhadh i bprionsabal (ag geata cinnidh 1) don tionscadal dul ar aghaidh chuig céim na pleanála.

**9.46** Tá na ceanglais athbhreithnithe reatha sna *Treoirlínte Bonneagair* á leanúint don tionscadal MetroLink. Fuarthas dearbhú seachtrach ag céim an mheasúnaithe straitéisigh agus an réamhcháis gnó (atá comhcheangailte anois).

### *Tionscadal líne lastais ó Luimneach go Faing*

**9.47** Tá costas réamh-mheasta thart ar €152 mhilliún ag baint le tionscadal Fhainge faoi láthair thar dhá chéim tionscadail, agus ní mór an dá cheann acu a sheachadadh sula mbeidh aon bhuntáistí ag teacht ón infheistíocht. Níor comhlíonadh roinnt de phríomhriachtanais an *Chóid Caiteachais Phoiblí* i leith an tionscadail. Eisíodh cistí vótáilte dar luach iomlán €64 mhilliún chuig Iarnród Éireann i mí na Nollag 2022 sular tugadh faoi aon mheasúnú mionsonraithe ar an tionscadal. Ag an am, bhí faomhadh ón Rialtas le dul ar aghaidh ag teastáil faoin gCód i gcás tionscadail a chosain os cionn €100 milliún, ach níor lorgaíodh é sin.

**9.48** Mhéadaigh athruithe ar riachtanais an Chóid a bhí i bhfeidhm ó Mhárta 2023 an tairseach do mhórthionscadail ó €100 milliún go €200 milliún. Mar thoradh air sin, ní raibh gá a thuilleadh le faomhadh an Rialtais do thionscadal Fhainge — agus é réamh-mheasta go gcosnóidh sé €152 mhilliún san iomlán.

**9.49** D'ullmhaigh an ghníomhaireacht urraíochta, Iarnród Éireann, cás deiridh gnó do thionscadal Fhainge i mí na Samhna 2023. I mí Iúil 2024, thug an NTA a fhaomhadh foirmiúil maidir le tús a chur leis an dara céim agus an chéim dheiridh den tionscadal, ar chostas €47 milliún. Bhí hoibreacha chéim 1 ar chostas €105 mhilliún tugtha chun cinn go maith cheana féin ag an gcéim seo, agus bhí baol suntasach ann gur beag luach a bheadh ar na hoibreacha sin mura mbeadh céim 2 den tionscadal faofa.

**9.50** Mar aitheantas gur theastaigh faomhadh ón Rialtas do thionscadal Fhainge faoi *Chód Caiteachais Phoiblí* 2019 nuair a cuireadh tús leis, agus chun cabhrú le trédhearcacht, thug an tAire cinneadh an NTA ar an gcás deiridh gnó chuig an Rialtas mar eolas dó go luath i mí Iúil 2024.

### *Treoirlínte Bonneagair*

**9.51** Is dócha nach mbeidh na ceanglais maidir le *Treoirlínte Bonneagair* chomh trom céanna ar chomhlachtaí poiblí, agus laghdófar líon na gcéimeanna faofa tionscadail ó chúig go trí cinn agus laghdófar líon na bpointí cinnidh foirmiúla ó cheithre go trí cinn. Tá céim 1 (measúnú straitéiseach) agus céim 2 (réamhchás gnó) faoin *gCód Caiteachais Phoiblí* tar éis a bheith tugtha le chéile in aon chéim amháin (measúnú straitéiseach agus réamhchás gnó).

**9.52** Tá na príomhdhoiciméid a éilítear faoi na *Treoirlínte Bonneagair* cosúil, a bheag nó a mhór, leis na doiciméid a éilíodh faoin *gCód Caiteachais Phoiblí*. Tá roinnt éagsúlachtaí ann — tá an measúnú straitéiseach mar chuid den réamhchás gnó anois; cuireadh cás gnó mionsonraithe, plean forghníomhaithe tionscadail agus straitéis soláthair in ionad na hachoimre mionsonraithe ar an tionscadal agus na straitéise soláthair.

**9.53** Níor éiligh an *Cód Caiteachais Phoiblí* go sainráite go mbreithneofaí tionchair aeráide ag aon chéim de shaolré an tionscadail. Faoi na *Treoirlínte Bonneagair*, ní mór tionchair aeráide a bhreithniú mar chuid den réamhchás gnó trína gcaithfear athbhreithniú ar thorthaí a bhaineann leis an aeráid atá inchurtha i leith an tionscadail a leagan amach.[1] Chomh maith leis sin, tá ceanglas ann go ndéanfar measúnú ar athléimneacht aeráide an tionscadail.

**9.54** Maidir le mórthionscadail — iad siúd a mheastar a chosnóidh os cionn €200 milliún — ceanglaítear ar an údarás formheasa ábhartha anois toiliú an Rialtais a lorg lena bhfaomhadh ag dhá chéim — an réamhchás gnó (céim 1) agus céim iarthairsceana/cás deiridh gnó (céim 3).

**9.55** Chomh maith leis sin, tá an dearbhú seachtrach agus na hathbhreithnithe de chuid an Ghrúpa Chomhairligh um Mórthionscadail socraithe ar bhonn foirmiúil anois mar riachtanas do mhórthionscadail ag céim an réamhcháis gnó, sula dtoilíonn an Rialtas iad a fhaomhadh.

1 I réamhchás gnó MetroLink agus cás deiridh gnó Fhainge, measadh an plean gníomhaithe ar son na haeráide agus spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe araon.